Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Nollaig 2025
(OR. en)

17050/25
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0422(COD)**

SIMPL 218
ANTICI 220
MI 1084
TRANS 664
ENV 1432
ENT 296
SOC 860
CODEC 2186

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 993 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ<br>a ghabhann le<br>RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear agus lena bhforlíontar Rialacháin (CE) Uimh. 561/2006, (AE) 2018/858, (AE) 2019/2144 agus (AE) 2024/1257 a mhéid a bhaineann le ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta tástála maidir le mótarfheithiclí a shimpliú agus lena n-aisghairtear Treoir 70/157/CEE ón gComhairle agus Rialachán Uimh. 540/2014 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 993 annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 993 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 16.12.2025
COM(2025) 993 final

ANNEXES 1 to 2

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear agus lena bhforlíontar Rialacháin (CE) Uimh. 561/2006, (AE) 2018/858, (AE) 2019/2144 agus (AE) 2024/1257 a mhéid a bhaineann le ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta tástála maidir le mótarfheithiclí a shimpliú agus lena n-aisghairtear Treoir 70/157/CEE ón gComhairle agus Rialachán Uimh. 540/2014**

{SWD(2025) 1056 final}

GA GA

## IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257 mar a leanas:

(1) i dtábla 1, scriostar an iontráil a bhaineann le 'Tástáil saotharlainne ar theocht íseal le haghaidh astaíochtaí';

(2) i dtábla 2, scriostar an iontráil a bhaineann le 'Tástáil saotharlainne ar theocht íseal le haghaidh astaíochtaí';

(3) i dtábla 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála 'Truailleáin ghásacha, Líon Cáithníní i dtástáil bhóthair (fíorastaíochtaí) le haghaidh gach breosla agus le haghaidh na gcatagóirí feithiclí is infheidhme ($M_2$, $M_3$, $N_2$ agus $N_3$):

| | | | |
|---|---|---|---|
| 'Truailleáin ghásacha, Líon Cáithníní i dtástáil bhóthair (fíorastaíochtaí) le haghaidh gach breosla agus le haghaidh na gcatagóirí feithiclí is infheidhme ($M_2$, $M_3$, $N_2$ agus $N_3$) | Tástálacha léirithe éigeantacha le haghaidh gach breosla dá ndeonaítear an cineálcheadú in aghaidh na catagóire feithicle agus dearbhú maidir le comhlíontacht le haghaidh gach breosla, gach pálasta agus gach catagóir feithicle (*4) | Ní éilítear | Tástáil éigeantach ar fheithicil le haon bhreosla agus ar aon chatagóir feithicle agus ar aon phálásta le haghaidh gach cineál innill gach 2 bhliain (*5)'; |

(4) i dtábla 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála 'Truailleáin ghásacha agus Líon Cáithníní i dtástáil bhóthair (fíorastaíochtaí) le haghaidh gach breosla agus le haghaidh na gcatagóirí feithiclí is infheidhme (M2, M3, N2 agus N3):

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 'Truailleáin ghásacha agus Líon Cáithníní i dtástáil bhóthair (fíorastaíochtaí) le haghaidh gach breosla agus le haghaidh na | Tástálacha léirithe éigeantacha le haghaidh gach breosla dá ndeonaítear an cineálcheadú in aghaidh na catagóire feithicle agus dearbhú maidir le comhlíontacht le haghaidh gach breosla, | (Féach ceanglais innill) | Éigeantach ar bhonn bliantúil le haghaidh líon leordhóthanach catagóirí feithiclí ar aon bhreosla agus ar aon chatagóir feithicle a chumhdaítear leis an gcineálcheadú | Roghnach | Éigeantach/Roghnach | Roghnach'; |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| gcatagóirí feithiclí is infheidhme ($M_2$, $M_3$, $N_2$ agus $N_3$) | gach pálasta agus gach catagóir feithicle (*7) | | astaíochtaí (*8) | | | |

(5) i dtábla 7, san iontráil 'Truailleáin ghásacha, Líon Cáithníní i dtástáil bhóthair (fíorastaíochtaí) le haghaidh gach cineál breosla agus le haghaidh na gcatagóirí feithiclí is infheidhme (M2, M3, N2 agus N3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa dara colún:

'Tástálacha léirithe éigeantacha le haghaidh gach breosla dá ndeonaítear an cineálcheadú in aghaidh na catagóire feithicle agus dearbhú maidir le comhlíontacht le haghaidh gach breosla, gach pálasta agus gach catagóir feithicle'

(6) i dtábla 8, san iontráil 'Truailleáin ghásacha, Líon Cáithníní i dtástáil bhóthair (fíorastaíochtaí) le haghaidh gach cineál breosla agus le haghaidh na gcatagóirí feithiclí is infheidhme (M2, M3, N2 agus N3)', cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa dara colún:

'Tástálacha léirithe éigeantacha le haghaidh gach breosla dá ndeonaítear an cineálcheadú in aghaidh na catagóire feithicle agus dearbhú maidir le comhlíontacht le haghaidh gach breosla, gach pálasta agus gach catagóir feithicle'.

# IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn I, Cuid A, cuirtear an pointe 2.4 seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 2.3.1.:

'2.4. Feithicil leictreach bheag:

2.4.1. Ciallaíonn feithicil leictreach bheag feithicil lánleictreach de chatagóir M1, nach bhfuil níos faide ná 4,2 méadar.

I gcás na fochatagóire feithiclí sin, cuirfear an litir 'E' mar iarmhír leis an litir agus an uimhir lena sainaithnítear an chatagóir feithiclí (M1).'.

(2) Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) Leasaítear Cuid I mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála d'ítim B14:

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 'B14 | Córas Fuaimiúil Foláirimh d'Fheithiclí | Rialachán Uimh. 138 ó na Náisiúin Aontaithe * [Sraith leasuithe 01] | X | X | X | X | X | X | | | | | | '; |

* Rialachán Uimh. 138 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú Feithiclí Bóthair Iompair atá Ciúin i ndáil lena n-inchloisteacht laghdaithe [2017/71] (IO L9, 13.1.2017, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/71(1)/oj)';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála d'ítim G1:

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 'G1 | Leibhéal fuaime | Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe** [Sraith leasuithe 03] | X | X | X | X | X | X | | | | | | |
| | | Rialachán Uimh. 59 ó na Náisiúin Aontaithe*** [Sraith leasuithe 03] | | | | | | | | | | | X | |

** Rialachán Uimh. 51 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú mótarfheithiclí ag a bhfuil ceithre roth ar a laghad maidir lena n-astaíochtaí torainn [2018/798] (IO L 138, 4.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/798/oj)

*** Rialachán Uimh. 59 ó Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le córais ciúnúcháin athchuir a cheadú [2025/844] (IO L, 2025/844, 30.4.2025, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2025/844/oj)';

(b) leasaítear Foscríbhinn 1 mar a leanas:

(i) leasaítear Tábla 1 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála d'ítim B14:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 'B14 | Córais Fhuaimiúla Foláirimh d'Fheithiclí | Rialachán Uimh. 138 ó na Náisiúin Aontaithe | A | A | A | A'; |

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála d'ítim G1:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 'G1 | Leibhéal fuaime | Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe | A | A | A | A'; |

(ii) leasaítear Tábla 2 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála d'ítim B14:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 'B14 | Córais Fhuaimiúla Foláirimh d'Fheithiclí | Rialachán Uimh. 138 ó na Náisiúin Aontaithe | X | X | X | '; |

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála d'ítim G1:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 'G1 | Leibhéal fuaime | Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe | A | A | X (maidir le modh tiomána lámhthiomáinte<br>A (maidir le modh tiomána lán-uathoibrithe) | Tá gá le modh tástála. Saineoidh an monaróir conas an tástáil a dhéanamh i gcomhréir leis an réasúnú teicniúil i gcomhaontú leis an tseirbhís theicniúil. Measfar an luach is airde arna thomhas sa mhodh lámhthiomáinte nó/agus sa mhodh uathrialaitheach maidir le cineálcheadú a thabhairt ina leith.<br>Feithiclí a bhfuil leibhéil fuaime iomlána acu a chomhlíonann na ceanglais i mír 6.2.8 de Rialachán Uimh. 138(1) ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) a bhfuil raon difríochta +3 dB(A) acu, ní cheanglaítear iad a bheith feistithe le Córas Fuaimiúil Foláirimh d'Fheithicil (AVAS). Na ceanglais a leagtar síos i mír 6.2.8 den Rialachán sin maidir le haon trian de bhandaí ochtáibhe agus na ceanglais a leagtar síos i mír 6.2.3 den Rialachán sin maidir leis an athrú minicíochta mar a shainítear i mír 2.4 den Rialachán sin ('athrú minicíochta'), ní bheidh feidhm acu maidir leis na feithiclí sin chun an gá le Córas Fuaimiúil Foláirimh d'Fheithicil (AVAS) a chinneadh go neamhspleách ar cé acu a thiomáintear na feithiclí sa mhodh lámhthiomáinte |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | nó sa mhodh uathrialaitheach le linn na tástála nó nach dtiomáintear.<br>Measfar gurb ionann pointe tagartha suí shuíochán an tiománaí agus an pointe tagartha suí is ísle de shuíocháin na bpaisinéirí sa chéad sraith suíochán.<br>Déanfar nós imeachta/socrú speisialta na tástála arna úsáid a thaifeadadh sa tuarascáil tástála.’; |

(c) i gCuid II, sa tábla, scriostar na hiontrálacha d’ítimí B14 agus G1;

(d) leasaítear Cuid III mar a leanas:

(i) i bhFoscríbhinn 1, leasaítear an tábla mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála d’ítim B14:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘B14 | Córais Fhuaimiúla Foláirimh d’Fheithiclí | Rialachán Uimh. 138 ó na Náisiúin Aontaithe | X | X | X | X’; |

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála d’ítim G1:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘G1 | Leibhéal fuaime | Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe | X<br>Is ceadmhach fad an sceithchórais tar éis an tostóra deiridh a mhodhnú gan tuilleadh tástála mura faide é ná 2,0 m. | G<br>Is ceadmhach fad an sceithchórais tar éis an tostóra deiridh a mhodhnú gan tuilleadh tástála mura faide é ná 2,0 m. | G<br>Is ceadmhach fad an sceithchórais tar éis an tostóra deiridh a mhodhnú gan tuilleadh tástála mura faide é ná 2,0 m. | G<br>Is ceadmhach fad an sceithchórais tar éis an tostóra deiridh a mhodhnú gan tuilleadh tástála mura faide é ná 2,0 m.’; |

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála d’ítim GA1:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘GA1 | Leibhéal fuaime | Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe | X<br>Is ceadmhach fad an sceithchórais tar éis an tostóra deiridh a mhodhnú gan tuilleadh tástála mura faide é ná 2,0 m. | G<br>Is ceadmhach fad an sceithchórais tar éis an tostóra deiridh a mhodhnú gan tuilleadh tástála mura faide é ná 2,0 m. | G<br>Is ceadmhach fad an sceithchórais tar éis an tostóra deiridh a mhodhnú gan tuilleadh tástála mura faide é ná 2,0 m. | G<br>Is ceadmhach fad an sceithchórais tar éis an tostóra deiridh a mhodhnú gan tuilleadh tástála mura faide é ná 2,0 m.’; |

(ii) i bhFoscríbhinn 2, leasaítear an tábla mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála d’ítim B14:

| | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘B14 | Córais Fhuaimiúla Foláirimh d’Fheithiclí | Rialachán Uimh. 138 ó na Náisiúin Aontaithe | X | X | X | X | X | X | gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme | gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme | gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme | gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme’; |

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála d’ítim G1:

| | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘G1 | Leibhéal fuaime | Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe | X | X | X | X | X | X | gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme | gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme | gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme | gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme’; |

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála d’ítim GA1:

| | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘GA1 | Leibhéal fuaime | Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe | X | X | X | X | X | X | gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme | gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme | gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme | gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme’; |

(iii) i bhFoscríbhinn 3, leasaítear an tábla mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála d’ítim B14:

| | | | |
|---|---|---|---|
| ‘B14 | Córais Fhuaimiúla Foláirimh d’Fheithiclí | Rialachán Uimh. 138 ó na Náisiúin Aontaithe | X’; |

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála d’ítim G1:

| | | | |
|---|---|---|---|
| ‘G1 | Leibhéal fuaime | Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe | G<br><br>Is ceadmhach fad an sceithchórais a mhodhnú gan atástáil a dhéanamh, ar choinníoll go bhfuil cúlbhrú sceite den chineál céanna ann.’; |

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála d’ítim GA1:

| | | | |
|---|---|---|---|
| ‘GA1 | Leibhéal fuaime | Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe | G<br><br>Is ceadmhach fad an sceithchórais a mhodhnú gan atástáil a dhéanamh, ar choinníoll go bhfuil cúlbhrú sceite den chineál céanna ann.’; |

(iv) i bhFoscríbhinn 4, leasaítear an tábla mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála d'ítim B14:

| | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 'B14 | Córais Fhuaimiúla Foláirimh d'Fheithiclí | Rialachán Uimh. 138 ó na Náisiúin Aontaithe | X | X | X | X | X | gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme | gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme | gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme | gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme'; |

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála d'ítim G1:

| | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 'G1 | Leibhéal fuaime | Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe | G<br><br>Is ceadmhach fad an sceithchórais tar éis an tostóra deiridh a mhodhnú gan tuilleadh tástála mura faide é ná 2,0 m. | G<br><br>Is ceadmhach fad an sceithchórais tar éis an tostóra deiridh a mhodhnú gan tuilleadh tástála mura faide é ná 2,0 m. | G<br><br>Is ceadmhach fad an sceithchórais tar éis an tostóra deiridh a mhodhnú gan tuilleadh tástála mura faide é ná 2,0 m. | G<br><br>Is ceadmhach fad an sceithchórais tar éis an tostóra deiridh a mhodhnú gan tuilleadh tástála mura faide é ná 2,0 m. | G<br><br>Is ceadmhach fad an sceithchórais tar éis an tostóra deiridh a mhodhnú gan tuilleadh tástála mura faide é ná 2,0 m. | gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme | gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme | gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme | gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme'; |

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála d'ítim GA1:

| | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 'GA1 | Leibhéal fuaime | Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe | G<br><br>Is ceadmhach fad an sceithchórais tar éis an tostóra deiridh a mhodhnú gan tuilleadh tástála mura faide é ná 2,0 m. | G<br><br>Is ceadmhach fad an sceithchórais tar éis an tostóra deiridh a mhodhnú gan tuilleadh tástála mura faide é ná 2,0 m. | G<br><br>Is ceadmhach fad an sceithchórais tar éis an tostóra deiridh a mhodhnú gan tuilleadh tástála mura faide é ná 2,0 m. | G<br><br>Is ceadmhach fad an sceithchórais tar éis an tostóra deiridh a mhodhnú gan tuilleadh tástála mura faide é ná 2,0 m. | G<br><br>Is ceadmhach fad an sceithchórais tar éis an tostóra deiridh a mhodhnú gan tuilleadh tástála mura faide é ná 2,0 m. | gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme | gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme | gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme | gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme'; |

(v) i bhFoscríbhinn 5, leasaítear an tábla mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála d'ítim B14:

| | | | |
|---|---|---|---|
| 'B14 | Córais Fhuaimiúla Foláirimh d'Fheithiclí | Rialachán Uimh. 138 ó na Náisiúin Aontaithe | X'; |

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála d'ítim G1:

| | | | |
|---|---|---|---|
| 'G1 | Leibhéal fuaime | Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe | G<br><br>Tástáil nár chóir a dhéanamh ach ar an bhfeithicil iomlán/lánchríochnaithe. D'fhéadfaí an fheithicil a thástáil i gcomhréir le Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe nó Treoir 70/157/CCE (go dtí 30 Meitheamh 2027). Tá feidhm ag na teorainnluachanna a leanas, gan beann ar na coinníollacha feithicle amhail an cineál innill, an cineál giarbhosca agus aon fho-aicmiú:<br>(a) 81 dB(A) i gcás feithiclí ar lú ná 75 kW a gcumhacht innill;<br>(b) 83 dB(A) i gcás feithiclí nach lú ná 75 kW ach ar lú ná 150 kW a gcumhacht innill;<br>(c) 84 dB(A) i gcás feithiclí nach lú ná 150 kW a gcumhacht innill.'; |

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála d'ítim GA1:

| | | | |
|---|---|---|---|
| 'GA1 | Leibhéal fuaime | Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe | G<br><br>Tástáil nár chóir a dhéanamh ach ar an bhfeithicil iomlán/lánchríochnaithe. Is féidir an fheithicil a thástáil i gcomhréir le Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe nó Treoir 70/157/CCE (go dtí 30 Meitheamh 2027). Tá feidhm ag na teorainnluachanna a leanas, gan beann ar na coinníollacha feithicle amhail an cineál innill, an cineál giarbhosca agus aon fho-aicmiú:<br>(a) 81 dB(A) i gcás feithiclí ar lú ná 75 kW a gcumhacht innill;<br>(b) 83 dB(A) i gcás feithiclí nach lú ná 75 kW ach ar lú ná 150 kW a gcumhacht innill;<br>(c) 84 dB(A) i gcás feithiclí nach lú ná 150 kW a gcumhacht innill.'; |

(vi) i bhFoscríbhinn 6, leasaítear an tábla mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála d'ítim B14:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 'B14 | Córais Fhuaimiúla Foláirimh d'Fheithiclí | Rialachán Uimh. 138 ó na Náisiúin Aontaithe | X | gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme'; |

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála d'ítim G1:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 'G1 | Leibhéal fuaime | Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe | G<br><br>Tástáil nár chóir a dhéanamh ach ar an bhfeithicil | gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme'; |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | iomlán/lánchríochnaithe. Is féidir an fheithicil a thástáil i gcomhréir le Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe nó Treoir 70/157/CCE (go dtí 30 Meitheamh 2027). Tá feidhm ag na teorainnluachanna a leanas, gan beann ar na coinníollacha feithicle amhail an cineál innill, an cineál giarbhosca agus aon fho-aicmiú:<br><br>(a) 81 dB(A) i gcás feithiclí ar lú ná 75 kW a gcumhacht innill;<br><br>(b) 83 dB(A) i gcás feithiclí nach lú ná 75 kW ach ar lú ná 150 kW a gcumhacht innill;<br><br>(c) 84 dB(A) i gcás feithiclí nach lú ná 150 kW a gcumhacht innill. | |

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála d’ítim GA1:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ‘GA1 | Leibhéal fuaime | Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe | G<br><br>Tástáil nár chóir a dhéanamh ach ar an bhfeithicil iomlán/lánchríochnaithe. Is féidir an fheithicil a thástáil i gcomhréir le Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe nó Treoir 70/157/CCE (go dtí 30 Meitheamh 2027). Tá feidhm ag na teorainnluachanna a leanas, gan beann ar na coinníollacha feithicle amhail an cineál innill, an cineál giarbhosca agus aon fho-aicmiú:<br><br>(a) 81 dB(A) i gcás feithiclí ar lú ná 75 kW a gcumhacht innill;<br><br>(b) 83 dB(A) i gcás feithiclí nach lú ná 75 kW ach ar lú ná 150 kW a gcumhacht innill;<br><br>(c) 84 dB(A) i gcás feithiclí nach lú ná 150 kW a gcumhacht innill. | gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme’. |